Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**9184/20**

**TRANS 285**
**FIN 411**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9057/20 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: The EU core road network: shorter travel times but network not yet fully functional [Croíghréasán bóithre an Aontais: is giorra na hamanna taistil ach níl an gréasán lánfheidhmiúil fós]<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 26 Meitheamh 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta uimh. 9/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The EU core road network: shorter travel times but network not yet fully functional* [Croíghréasán bóithre an Aontais: is giorra na hamanna taistil ach níl an gréasán lánfheidhmiúil fós], mar a formheasadh iad tríd an nós imeachta i scríbhinn an 26 Meitheamh 2020.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**
**maidir le**
**Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**
***"The EU core road network: shorter travel times but network not yet fully functional"***
***[Croíghréasán bóithre an Aontais: is giorra na hamanna taistil ach níl an gréasán lánfheidhmiúil fós]***

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le chroíghréasán bóithre an Aontais.

2. AITHNÍONN SÍ go ndéantar measúnú sa tuarascáil speisialta ar an dul chun cinn a rinneadh chun cuspóir an Aontais a bhaint amach croíghréasán TEN-T lánfheidhmiúil a chur i gcrích faoi 2030 agus ról straitéiseach an Choimisiúin i mbaint amach an chuspóra sin.

3. MEABHRAÍONN SÍ conclúidí ón gComhairle Nollaig 2017 maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an ghréasáin tras-Eorpaigh iompair (TEN-T) agus maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) don iompar, lenar athdhearbhaigh an Chomhairle a thiomanta atá sí an gréasán TEN-T a chur chun feidhme.

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI torthaí na tuarascála ar a ndearnadh leis an ngréasán TEN-T chun líon iomlán na gciliméadar mótarbhealaí a mhéadú agus na hamanna taistil a ghiorrú ó bhí 2007 i leith, a spáráil ama agus a chuir feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar cháilíocht taistil, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé cistiú cuí a choinneáil d'fhonn croíghréasán lánfheidhmiúil TEN-T a bhaint amach faoi 2030.

5. AITHNÍONN SÍ na difríochtaí a sainaithníodh sa tuarascáil a mhéid a bhaineann le rátaí críochnaithe éagsúla an chroíghréasáin TEN-T sna Ballstáit agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin measúnú na Cúirte a léirigh go raibh ráta críochnaithe foriomlán an ghréasáin thart ar 77 % ar leibhéal an Aontais in 2016, agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil mórdhul chun cinn déanta ag roinnt Ballstát idir an dá linn maidir lena gcuid féin den chroíghréasán a fhorbairt.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE measúnú na tuarascála go bhféadfaí an cistiú atá ar fáil ó CSIE a bheith níos spriocdhírithe lena chur i gcomhréir le tosaíochtaí infheistíochta atá nasctha leis an gcroíghréasán bóithre TEN-T, agus CUIREANN SÍ IN IÚL freisin gur díríodh, go heisiach nach mór, leithdháileadh an mhaoinithe faoi SCE ar an gcroíghréasán, lena n-áirítear a chodanna trasteorann.

7. MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an gréasán cuimsitheach sin chun an comhtháthú a chothú agus chun inrochtaineacht agus nascacht na réigiún uile san Aontas a áirithiú.

8. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann leis na codanna trasteorann le haghaidh taisteal gan uaim agus gréasán lánfheidhmiúil TEN-T agus MEABHRAÍONN SÍ sa chomhthéacs sin go bhfuil roinnt mórthionscadal trasteorann TEN-T, tionscadail a bheartaítear iad a chríochnú roimh 2030, á gcur chun feidhme faoi láthair.

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI cinneadh na Cúirte Iniúchóirí go bhféadfaí taisteal gan uaim a chumasú feadh chroíghréasán TEN-T, ach cur chuige níos comhordaithe a bheith ann i leith limistéar páirceála sláine agus bonneagar breosla ghlain mhalartaigh, agus i ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go mbeadh fáil ar na breoslaí malartacha glana uile feadh chodanna na gconairí TEN-T.

10. MEABHRAÍTEAR DI gur ghlac an Coimisiún Eorpach an Comhaontú Glas don Eoraip, d'fhonn go mbeidh deireadh le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an uaillmhian atá ann borradh a chur faoin iompar ilmhódach, rud a chuideoidh leis an sprioc sin a bhaint amach.

11. MEASANN SÍ go bhfuil ról tábhachtach ag cothabháil bóithre náisiúnta, agus a thionchar ar shábháilteacht ar bhóithre á chur san áireamh freisin, i dtaca le staid fhoriomlán an ghréasáin bóithre sa mheán- agus fadtéarma agus AONTAÍONN SÍ, dá bhrí sin, maidir lena thábhachtaí atá sé acmhainní leordhóthanacha airgeadais a chur go leataobh chun costais chothabhála an bhonneagair bóithre agus naisc ríthábhachtacha a chumhdach.

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh ón gCúirt gur cheart don Choimisiún a chur chuige maidir le cothabháil bonneagair a neartú cé go MEABHRAÍTEAR DI freisin go bhfuil na Ballstáit fós inniúil maidir le cothabháil bonneagair.

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE moltaí na Cúirte don Choimisiún tosaíocht a thabhairt don Chiste Comhtháthaithe agus CFRE atá ar fáil le haghaidh bóithre ar infheistíocht sa chroíghréasán agus MOLANN SÍ do na Ballstáit pleanáil iomchuí a chur ar fáil d'fhonn croíghréasán TEN-T a thabhairt chun críche faoi 2030, agus aird ar leith á tabhairt ar na codanna trasteorann de.

14. I bhfianaise an tionchair atá á imirt ag an ngéarchéim eacnamaíoch dar siocair paindéim COVID-19 ar bhuiséid na mBallstát, TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach mór tacaíocht airgeadais leanúnach leordhóthanach a sholáthar chun croíghréasán TEN-T a fhorbairt. I roinnt de na Ballstáit, mar shampla, is deis a bheadh ann na difríochtaí atá ann i dtaca le forbairt an líonra a laghdú.

15. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt don Choimisiún a chóras faireacháin a fheabhsú le spriocanna idirmheánacha, agus cur chuige córasach, aonfhoirmeach, tráthúil a chur i bhfeidhm lena bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo an chroíghréasáin a thabhairt chun críche d'fhonn réamhaisnéis iontaofa a dhéanamh maidir lena thabhairt chun críche is dócha a thabharfar chun críche é faoi 2030 agus chun cur ar chumas an Choimisiúin gníomhaíochtaí ceartaitheacha dá bhforáiltear i Rialachán TEN-T a dhéanamh.